Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Meabhrán Mínithe

SCÉIM DEONTAS UM ATHCHUR NAISC LUAIDHE LEIS AN tSEIRBHÍS UISCE

Réamhrá:

1.1 Tá an scéim deontais seo á chur ar fáil le cabhrú le húinéirí tithe na naisc luaidhe leis an tseirbhís uisce a athchur ón mbuacaire teorann go sconna doirtil na cistine.

Méid an Deontais:

2.1 Braithfidh méid an deontais ar ioncam iomlán an teaghlaigh agus clúdóidh sé 60% de na hoibreacha faofa faoi réir uasmhéid €300.00 do gach teaghlach incháilithe.

Sceideal ama maidir le hiarratais a chur isteach:

3.1 Ní mór iarratais i leith scéime deontais um athchur na nasc luaidhe leis an tseirbhís uisce a chur isteach idir 1 Lúnasa 2009 agus 30 Meán Fómhair 2009.

Critéir Cháilíochta

4.1 **Ní bhaineann an scéim seo ach le hÚINÉIRÍ TITHE ATÁ INA gCÓNAÍ IONTU agus a bheadh incháilithe thairis sin ó thaobh na Scéime um Tharscaoileadh Bruscair 2009.**

Fianaise faoi ioncam teaghlaigh;

5.1 Caithfear an fhianaise seo a leanas maidir le hioncam (de réir mar is cuí) a sholáthar le gach iarratas.

I gcás oibrithe IMAT, P60 nó Ráiteas Iarmhéid na bliana cánach roimhe.

Beidh cóip de do P45 uainn má tá tú críochnaithe de bheith ag obair.

I gcás faighteoirí leasa shóisialaigh, ní mór dóibh ráiteas Leasa Shóisialaigh ag léiriú méid na n-íocaíochtaí seachtainiúla/bliantúla agus an dáta ar ar thosaigh an íocaíocht (**Cuid 7** den fhoirm iarratais).

I gcás Pinsinéirí Stáit, is leor cóip den dara leathanach agus den tríú leathanach deireanach dá leabhar pinsin reatha.

Má tá pinsean Príobháideach ag duine ní mór fíorú an ioncaim sin a sholáthar.

Má tá ioncam á fháil agat féin nó ag do chéile/pháirtí faoi Scéim Fostaíochta Phobail, Scéim um Fhilleadh ar an Obair, FÁS nó de bharr fostaíochta, ba chóir duit duillín pá a fuair tú le déanaí a chur leis an bhfoirm iarratais.

Má tá tú féin nó duine de do theaghlach ag fáil oideachais tríú leibhéil ní mór dúinn litir a fháil ón gcoláiste/ollscoil á dhearbhú sin.

Fianaise Úinéireachta Réadmhaoine:

6.1 Ní mór do Chomhairle na Cathrach a bheith sásta maidir le stádas úinéara na réadmhaoine agus b'fhéidir go n-iarrfaidh siad fianaise iomchuí faoi úinéireacht na réadmhaoine sula ndéanfaidh siad an t-iarratas ar dheontas a phróiseáil.

Riachtanas Cánachais an Chonraitheora:

7.1 Ní mór don chonraitheoir a cheaptar chun an obair a dhéanamh Teastas C2 nó Deimhniú Imréiteach Cánach a sholáthar.

Deimhniú d'fhaomhadh sealadach:

8.1 Eiseoidh Comhairle na Cathrach Deimhniú d'Fhaomhadh Sealadach nuair a dhéanfar cinneadh faoin deontas. Dearbhóidh an Deimhniú d'Fhaomhadh Sealadach méid an deontais a cinntíodh agus na téarmaí agus na coinníollacha faoina bhfuil an faomhadh sealadach á thabhairt. D'fhéadfadh na téarmaí agus na coinníollacha tagairt a dhéanamh:

(a) Leis an gcaoi ina gcaithfí na hoibreacha molta a dhéanamh
(b) Don tréimhse ama ina gcaithfí na hoibreacha molta a chur i gcrích.

Íocaíocht an Deontais:

9.1 Nuair a bheidh na hoibreacha déanta féadfaidh an t-iarratasóir a éileamh go n-íocfaí an deontas tríd
an Dearbhú, atá ina chuid den Deimhniú d'Fhaomhadh Sealadach, a shíniú agus é a chuir ar ais mar aon leis na doiciméid chuí chuig Rannóg an Uisce, Iompar agus Bonneagar, An Síneadh leis an Scoil Ghramadaí, Bóthar an Choláiste, Gaillimh.

9.2 Nuair a fhaightear an t-iarratas déanfaidh Comhairle na Cathrach iniúchadh le deimhniú gur críochnaíodh na hoibreacha go sásúil agus de réir a bhfuil sa Deimhniú d'Fhaomhadh Sealadach. Nuair a bhíonn Comhairle na Cathrach sásta faoin méid sin údaróidh sí íocaíocht an deontais.

9.3 Má tharlaíonn sé go measann Comhairle na Cathrach gur lú costas na n-oibreacha cáilíochta ná an costas faofa déanfar costas faofa agus Méid an Deontais athbhreithnithe a shocrú.

Nótaí Tábhachtacha - Léigh go cúramach iad seo le do thoil:

- **Ní bheidh Comhairle Chathair na Gaillimhe freagrach ar aon bhealach as na hoibreacha a dhéanfar.**
- **Moltar do na hiarratasóirí a bheith sásta iad féin faoi chaighdeán na hoibre agus faoi chúrsaí árachais.**
- **Is ar an iarratasóir féin atá an dualgas a chinntiú go ndéanfar na hoibreacha de réir na Rialachán Tógála**
- **Ní thugann Comhairle Chathair na Gaillimhe aon ráthú maidir le hoibreacha a dhéanfaidh conraitheoirí ar do shon agus ní dhéanfaidh sí cothabháil orthu.**